CEARTÚCHÁN

Ceartúchán ar Threoir (AE) 2019/878 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2013/36/AE a mhéid a bhaineann le heintitis dhíolmhaithe, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, an luach saothair, bearta agus cumhachtaí maoirseachta agus bearta caomhnaithe caipitil

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 150 an 7 Meitheamh 2019)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge an 7 Meitheamh 2019)

1. Ar leathanach 261, an dara fomhír d'Airteagal 21a(2) nua:

in ionad: "[…] Sa chás sin, déanfar an tréimhse mheasúnaithe dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 22(3) a chur ar fionraí ar feadh tréimhse níos faide ná 20 lá oibre go dtí go mbeidh an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo curtha i gcrích.",

léitear: "[…] Sa chás sin, déanfar an tréimhse mheasúnaithe dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 22(2) a chur ar fionraí ar feadh tréimhse níos faide ná 20 lá oibre go dtí go mbeidh an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo curtha i gcrích.".

2. Ar leathanach 264, Airteagal 21b(8) nua:

in ionad: "8. De mhaolú ar mhír 1, beidh, ag grúpaí tríú tír a oibríonn trí níos mó ná institiúid amháin san Aontas agus ar fiú méid iomlán shócmhainní an ghrúpa sin EUR 40 billiún nó níos mó ar 27 Meitheamh 2019...",

léitear: "8. De mhaolú ar mhír 1, beidh, ag grúpaí tríú tír a oibríonn trí níos mó ná institiúid amháin san Aontas agus arb ionann méid iomlán na sócmhainní san Aontas atá acu agus EUR 40 billiún nó ar mó ná sin é an 27 Meitheamh 2019...".

3. Ar leathanach 276, Airteagal 104a(4) nua:

in ionad: "4. Comhlíonfaidh an institiúid an ceanglas cistí dílse breise arna fhorchur ag an údarás inniúil faoi phointe (a) d'Airteagal 104(1) le cistí dílse a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

(a) comhlíonfar ar a laghad trí cheathrú den cheanglas cistí dílse breise le caipiteal Leibhéal 1;

(b) beidh ar a laghad trí cheathrú de chaipiteal Leibhéal 1 dá dtagraítear i bpointe (a) comhdhéanta de chaipiteal de Ghnáthchothromas Leibhéal 1.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh an t-údarás inniúil a cheangal ar an institiúid an ceanglas cistí dílse breise a chomhlíonadh le cion níos mó de chaipiteal Leibhéal 1, nó de chaipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 i gcás inar gá agus ag féachaint d'imthosca sonracha na hinstitiúide.

[…]",

léitear: "4. Comhlíonfaidh an institiúid an ceanglas cistí dílse breise arna fhorchur ag an údarás inniúil faoi phointe (a) d'Airteagal 104(1) chun aghaidh a thabhairt ar phriacail seachas priacal an luamhánaithe iomarcaigh le cistí dílse a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

(a) comhlíonfar ar a laghad trí cheathrú den cheanglas cistí dílse breise le caipiteal Leibhéal 1;

(b) beidh ar a laghad trí cheathrú de chaipiteal Leibhéal 1 dá dtagraítear i bpointe (a) comhdhéanta de chaipiteal de Ghnáthchothromas Leibhéal 1.

Comhlíonfaidh an institiúid an ceanglas cistí dílse breise arna fhorchur ag an údarás inniúil faoi phointe (a) d'Airteagal 104(1) chun aghaidh a thabhairt ar phriacal an luamhánaithe iomarcaigh le caipiteal Leibhéal 1.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír agus an dara fomhír, féadfaidh an t-údarás inniúil a cheangal ar an institiúid an ceanglas cistí dílse breise a chomhlíonadh le cion níos mó de chaipiteal Leibhéal 1, nó de chaipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 i gcás inar gá agus ag féachaint d'imthosca sonracha na hinstitiúide.

[…]".

4. Ar leathanach 290, pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 141(2) arna leasú:

in ionad: "(b) oibleagáid a chruthú chun luach saothair inathraitheach nó sochair phinsin lánroghnacha a íoc nó luach saothair inathraitheach a íoc más rud é gur cruthaíodh an oibleagáid chun íoc tráth ar mhainnigh an institiúid na ceanglais maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh; nó",

léitear: "(b) oibleagáid a chruthú chun luach saothair inathraitheach nó sochair phinsin lánroghnacha a íoc nó luach saothair inathraitheach a íoc más rud é gur cruthaíodh an oibleagáid chun íoc tráth ar mhainnigh an institiúid an ceanglas maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh; nó".

5. Ar leathanach 291, pointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 141(6) arna leasú:

in ionad: "(d) nuair atá an caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 a choinníonn an institiúid nach n-úsáidtear chun na ceanglais cistí dílse a leagtar amach i bpointí (b) agus (c) d'Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh agus...",

léitear: "(d) nuair atá an caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 a choinníonn an institiúid nach n-úsáidtear chun na ceanglais cistí dílse a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh agus...".

6. Ar leathanach 292, pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 141b(2) nua:

in ionad: "(b) oibleagáid a chruthú chun luach saothair inathraitheach nó sochair phinsin lánroghnacha a íoc nó luach saothair inathraitheach a íoc más rud é gur cruthaíodh an oibleagáid chun íoc tráth ar mhainnigh an institiúid na ceanglais maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh; nó",

léitear: "(b) oibleagáid a chruthú chun luach saothair inathraitheach nó sochair phinsin lánroghnacha a íoc nó luach saothair inathraitheach a íoc más rud é gur cruthaíodh an oibleagáid chun íoc tráth ar mhainnigh an institiúid an ceanglas maoláin um chóimheas luamhánaithe a chomhlíonadh; nó".